BILEOG FÍRICÍ NA CÁINAISNÉISE

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection

Príomhathruithe Leasa Shóisialta agus Rátaí Íocaíochta

Cáinaisnéis 2015 – An Roinn Coimirce Sóisialaí

Cosaint iomlán in 2015 do gach scéim dá raibh ann cheana

€198 milliún de mhéaduithe spriocdhírithe leasa mar aon le dreasachtaí nua

Díbhinn nua um Fhilleadh ar an Obair, a chabhróidh le teaghlaigh aontuismitheora agus le teaghlaigh daoine atá dífhostaithe le fada filleadh ar an obair – €1,550 breise an leanbh, a bheidh ar fáil sa chéad bhliain fostaíochta nó féinfhostaíochta

Caithfear breis is €1.1 billiún ar thacaíocht fostaíochta in 2015

€1.97 billiún le haghaidh Sochar Linbh in 2015 - gheobhaidh 613,000 teaghlach €5 an leanbh breise sa mhí ó Eanáir

Íocfar 25% den íocaíocht sheachtainiúil de Bhónas na Nollag an Nollaig seo le daoine atá ag fáil íocaíocht leasa fhadtéarmach

Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Obair

- Tabharfar Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar an Obair nua isteach do theaghlaigh aontuismitheora agus do chuardaitheoirí poist a bhfuil leanaí acu, a aimsíonn post den chéad uair nó an athuair.
- Beidh a dhá oiread áiteanna JobsPlus ar fáil, ó 3,000 go 6,000, chun dreasacht a thabhairt d'fhostóirí chun daoine atá dífhostaithe le fada a fhostú. €12 mhilliún a chosnóidh sé sin in 2015.
- Cuirfear €12 mhilliún ar fáil don chlár nua tacaíocht fostaíochta, JobPath.

Teaghlaigh ina bhfuil Leanaí

- Méadófar ráta an tSochair Linbh de €5 go €135 an leanbh ó Eanáir 2015.
- Méadófar an maoiniú do Chlár na mBéile Scoile de €2 mhilliún, go €39 milliún in 2015.

Seanóirí agus Daoine faoi Mhíchumas

- Méadófar an Liúntas um Chónaí Aonair ó €7.70 go €9.00 sa tseachtain, rud a chosnóidh €12 mhilliún sa bhliain – bainfidh 177,500 pinsinéir agus duine faoi mhíchumas leas as sin.

Tacú do Sheirbhísí Uisce

- Íocfar €25 sa ráithe le pinsinéirí, daoine faoi mhíchumas agus cúramóirí a fhaigheann an Pacáiste Sochar Teaghlaigh, rud a chosnóidh €42 milliún in 2015. Bainfidh 415,000 teaghlach leas as sin.
- Méadófar de €100 sa bhliain an Liúntas Breosla do gach duine nach bhfaigheann an Pacáiste Sochar Teaghlaigh, rud a chosnóidh €24 mhilliún. Bainfidh 238,000 teaghlaigh leas as sin.

Tacaíocht um Fhilleadh ar an Obair

Caithfear breis is €1.1 billiún ar Thacaíocht Fostaíochta in 2015

- Tabharfar Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar an Obair nua isteach do theaghlaigh aontuismitheora agus do chuardaitheoirí poist a bhfuil leanaí acu, a aimsíonn post den chéad uair nó a fhilleann ar an obair ó Eanáir 2015.
- Tabharfar Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar an Obair nua isteach do theaghlaigh aontuismitheora agus do chuardaitheoirí poist a bhfuil leanaí acu, a théann i mbun féinfhostaíochta den chéad uair, nó an athuair.
- Íocfar an Méadú i leith Leanbh Cáilithe (€29.80 sa tseachtain) san iomlán go seachtainiúil sa chéad bhliain fostaíochta agus a leath de mar íocaíocht sheachtainiúil sa dara bliain fostaíochta.
- Íocfar an Díbhinn um Fhilleadh ar an Obair sa bhreis ar aon teidlíocht atá ag an teaghlach ar an bhForlíonadh Ioncam Teaghlaigh agus ní dhéanfaidh sé difear do mhéid na híocaíochta sin.
- Beidh a dhá oiread áiteanna JobsPlus ar fáil, ó 3,000 go 6,000, chun dreasacht a thabhairt d'fhostóirí chun daoine atá ar an mBeochlár le fada a fhostú. Beidh suas le €10,000 ar fáil d'fhostóirí, i bhfoirm deontais airgid mhíosúla, i dtréimhse dhá bhliain, i gcás gach fostaí cáilithe.

Teaghlaigh ina bhfuil Leanaí

€2.4 billiún chun tacú le Teaghlaigh ina bhfuil Leanaí in 2015

- Méadófar ráta an tSochair Linbh de €5 go €135 an leanbh ó Eanáir 2015.

Sochar Linbh

Líon na Leanaí	Ráta Míosúil 2014	Ráta Míosúil 2015	Ráta Bliantúil 2015	Méadú Bliantúil Ó 2014
	€	€	€	€
1 leanbh	130	135	1,620	60
2 leanbh	260	270	3,240	120
3 leanbh	390	405	4,860	180
4 leanbh	520	540	6,480	240
5 leanbh	650	675	8,100	300
6 leanbh	780	810	9,720	360

- Is gnách do theaghlaigh ina bhfuil cúpla ráta go leith den ghnáthráta mhíosúil i gcás gach linbh. Is gnách do theaghlaigh ina bhfuil ilbhreith dhá oiread den ghnáthráta Sochar Linbh míosúil a fháil i gcás gach linbh.
- Cuirfear €2 mhilliún breise ar fáil do Chlár Béilí Scoile na Roinne in 2015.
- Cuirfear breis agus €349 milliún ar fáil don Fhorlíonadh Ioncam Teaghlaigh in 2015.
- Coimeádfar an Méadú i Leith Leanbh Cáilithe, a íoctar le daoine a fhaigheann íocaíocht leasa shóisialaigh seachtainiúil, mar atá.
- Coimeádfar an Liúntas Éadaí agus Bróg don Scoilbhliain Nua mar atá.

Seanóirí agus Daoine faoi Mhíchumas

€9.25 billiún chun tacú le Seanóirí agus Daoine faoi Mhíchumas in 2015

- Méadófar an Liúntas um Chónaí Aonair de €1.30 go €9.00 sa tseachtain ó Eanáir 2015. Bainfidh 177,500 duine leas as sin.
- Leanfar de €10 sa tseachtain sa bhreis a íoc le pinsinéirí atá 80 bliain agus le cois.
- Coimeádfar an Scéim Saorthaistil mar atá.
- Ní dhéanfar athrú ar bith ar an Liúntas Leictreachais/Gáis ná ar an Saorcheadúnas Teilifíse.

Tacaíochtaí do Sheirbhísí Uisce

€66 milliún mar chabhair chun Costais Uisce a íoc in 2015

- Íocfar €25 sa ráithe le pinsinéirí, daoine faoi mhíchumas agus cúramóirí a fhaigheann an Pacáiste Sochar Teaghlaigh, rud a chosnóidh €42 milliún in 2015.
- Cuirfear €100 sa bhliain ar fáil do dhaoine a fhaigheann an Liúntas Breosla ach nach bhfuil ag fáil an Phacáiste Sochar Teaghlaigh, rud a chosnóidh €24 mhilliún. Íoctar an Liúntas Breosla le daoine atá ag fáil íocaíochtaí ar nós an Liúntas Cuardaitheora Poist Fadtéarmaigh agus an íocaíochta Teaghlaigh Aontuismitheora.

Bónas Nollag

Íocfar €63.5 milliún le daoine atá ag fáil íocaíochta leasa go fadtéarmach

- Íocfar 25% de Bhónas Nollag an Nollaig seo le daoine a fhaigheann íocaíocht leasa shóisialaigh fadtéarmach (€20 an íocaíocht is lú). Bainfidh breis agus 1.16 milliún duine leas as sin.

  Daoine a fhaigheann na híocaíochtaí seo a leanas is ea a gheobhaidh an Bónas: Pinsin stáit, Pinsean na nDall, Pinsean Easláine, Pinsean Baintrí/Baintrí Fir, Íocaíocht Caomhnóra, Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora, Sochar Banchéile Tréigthe, Liúntas Banchéile Thréigthe, Liúntas Cúramóra, Liúntas Réamhscoir, Liúntas Míchumais, Cúnamh Feirme, Liúntas Fadtéarmach Cuardaitheora Poist, an Liúntas um Fhilleadh ar an Obair, Fostaíocht Pobail, Jabthionscnamh, Scéim Shóisialta na Tuaithe, Tús, Gateway, Liúntas Cúram Baile agus sochair cheirde áirithe.

Gheofar breis eolais ar www.welfare.ie agus www.citizensinformation.ie.
Cuir glao ar an Roinn Coimirce Sóisialaí ag 1890 66 22 44 (Glao Áitiúil) nó 071-9193302
idir 9 - 5, Luan go hAoine.
Cuir glao ar Sheirbhís Fóin an Ionaid Eolais do Shaoránaigh ar 0761 07 4000, 9 – 9, Luan go hAoine
Buail isteach i d'Ionad Intreo, d'Oifig Leasa Shóisialaigh nó in Ionad Eolais do Shaoránaigh áitiúil.
Nóta: D'fhéadfadh na rátaí a ghearrtar d'úsáid uimhreacha 1890 (Glao áitiúil) a bheith difriúil i measc soláthraithe seirbhíse difriúla.

Níl sa Leathanach Eolais seo ach treoir; ní léirmhíniú dlíthiúil é.

Uasrátaí Seachtainiúla	Ráta Pearsanta		Méadú i leith Duine Fásta Cáilithe		Méadú i leith Leanbh Cáilithe
Íocaíochtaí Árachais Shóisialta	**2014**	**2015**	**2014**	**2015**	**2014/2015**
Pinsean Stáit (Ranníocach)	**€**	**€**	**€**	**€**	**€**
- Faoi 80 bliain d'aois	230.30	230.30	153.50 *	153.50 *	29.80
- 80 bliana d'aois +	240.30	240.30	206.30**	206.30**	29.80
Pinsean Ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Pháirtnéara Shibhialta Mharthanaigh/Sochar Ban Chéile Tréighthe					
- Faoi 66 bliain d'aois	193.50	193.50			29.80
- 66 – 80 bliain d'aois	230.30	230.30			29.80
- 80 bliana d'aois +	240.30	240.30			29.80
Pinsean Easláine	193.50	193.50	138.10	138.10	29.80
Sochar Cúramóra/Liúntas Síorfhreastail	205.00	205.00			29.80
Sochar Míchumais	219.00	219.00			
Sochar Cuardaitheora Poist/Sláinte agus Sábháilteachta/Díobhála	188.00	188.00	124.80	124.80	29.80
Sochar Máithreachais/Uchtála	230.00	230.00			
Sochar Báis					
- Faoi 66 bliain d'aois	218.50	218.50			29.80
- Idir 66 bliana d'aois agus 80	234.70	234.70			29.80
- 80 bliana d'aois +	244.70	244.70			29.80

Íocaíochtaí Cúnaimh Shóisialta					
Pinsean Stáit (Neamhranníocach)					
- Idir 66 bliana d'aois agus 80	219.00	219.00	144.70	144.70	29.80
- 80 bliana d'aois agus le cois	229.00	229.00			29.80
Liúntas Cúramóra					
- Faoi 66 bliain d'aois	204.00	204.00			29.80
- 66 bliana d'aois agus le cois	239.00	239.00			29.80
Liúntas Míchumais/Pinsean na nDall	188.00	188.00	124.80	124.80	29.80
Pinsean Neamhranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Pháirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamhranníocach)	188.00	188.00			
Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora	188.00	188.00			29.80
Liúntas Réamhscoir/Banchéile Tréigthe	188.00	188.00	124.80	124.80	29.80
Liúntas Cuardaitheora Poist - 26 bliain d'aois +	188.00	188.00	124.80	124.80	29.80
- 25 bliain d'aois	144.00	144.00	124.80	124.80	29.80
- 18 -24 bliain d'aois	100.00	100.00	100.00	100.00	29.80
Liúntas Forlíontach Leasa - 26 bliain d'aois +	186.00	186.00	124.80	124.80	29.80
- 25 bliain d'aois	144.00	144.00	124.80	124.80	29.80
- 18 -24 bliain d'aois	100.00	100.00	100.00	100.00	29.80
Cúnamh Feirme	188.00	188.00	124.80	124.80	29.80

**** dóibh siúd atá faoi bhun 66 bliain***

*****dóibh siúd atá 66 bliana d'aois nó le cois***

Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh		
Méid an Teaghlaigh	**Teorainn Ioncaim 2014**	**Teorainn Ioncaim 2015**
Leanbh amháin	€506	€506
2 leanbh	€602	€602
3 leanbh	€703	€703
4 leanbh	€824	€824
5 leanbh	€950	€950
6 leanbh	€1,066	€1,066
7 leanbh	€1,202	€1,202
8 leanbh nó os a chionn sin	€1,298	€1,298

Leanfar den Fhorlíonadh Ioncam Teaghlaigh a bhunú ar 60% den ghannchion idir glanioncam seachtainiúil an teaghlaigh agus an tairseach ioncam teaghlaigh atá i bhfeidhm.

Liúntais Eile Leasa Shóisialaigh

	2014 go seachtainiúil	**2015 go seachtainiúil**
Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach)	€161.00	€161.00
Íocaíocht Chaomhnóra (Neamhranníocach)	€161.00	€161.00

	Ráta míosúil 2014	**Ráta míosúil 2015**
Liúntas Cúram Baile	€309.50	€309.50

	Ráta bliantúil 2014	**Ráta bliantúil 2015**
Deontas Cúraim Sosa	€1,375.00	€1,375.00

	2014 - íocaíocht aon uaire	**2015 - íocaíocht aon uaire**
Deontas an Chéile nó an Pháirtnéara Shibhialta Mharthanaigh	€6,000.00	€6,000.00

	Ráta seachtainiúil 2014	**Ráta seachtainiúil 2015**
Méadú i leith Cónaí Aonair	€7.70	€9.00